Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 14 Meán Fómhair 2017
(OR. en)

12181/17
ADD 2

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2017/0226 (COD)**

DROIPEN 120
CYBER 126
JAI 784
TELECOM 206
MI 626
IA 138
CODEC 1400

## NÓTA CLÚDAIGH

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh,<br>arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 13 Meán Fómhair 2017 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | SWD(2017) 299 final |
| Ábhar: | DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR a ghabhann leis an doiciméad Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle on maidir le calaois agus góchumadh modhanna íocaíochta neamhairgid a chomhrac agus a chuirtear in ionad Chinneadh Réime 2001/413/CGB ón gComhairle |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2017) 299 final.

Faoi iamh: SWD(2017) 299 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 13.9.2017
SWD(2017) 299 final

# DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN

# ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR

***a ghabhann leis an doiciméad***

**Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle on maidir le calaois agus góchumadh modhanna íocaíochta neamhairgid a chomhrac agus a chuirtear in ionad Chinneadh Réime 2001/413/CGB ón gComhairle**

{COM(2017) 489 final}
{SWD(2017) 298 final}

GA GA

| **Bileog Achoimre Feidhmiúcháin** |
|---|
| Measúnú tionchair ar thogra le haghaidh Treoir maidir le calaois agus góchumadh modhanna íocaíochta neamhairgid a chomhrac |
| **A. An gá atá le beart** |
| **Cén fhadhb atá ann agus cén fáth ar fadhb í ar leibhéal an Aontais?** |
| Aithníodh go bhfuil trí fhadhb ann a spreagann an chalaois íocaíochtaí neamhairgid:<br>1. Ní féidir **imscrúdú éifeachtach** a dhéanamh ar roinnt coireanna faoin gcreat dlíthiúil atá ann faoi láthair agus ní féidir **daoine a ionchúiseamh** ina leith.<br>2. Ní féidir **imscrúdú éifeachtach** a dhéanamh ar roinnt coireanna de bharr **bacainní oibríochtúla** agus ní féidir **daoine a ionchúiseamh** ina leith.<br>3. Baineann coirpigh leas as bearnaí sna **bearta coisctheacha** chun dul i mbun calaoise.<br><br>Is **baol don tslándáil** an chalaois íocaíochtaí neamhairgid (is foinse ioncaim do ghrúpaí coireachta eagraithe í, agus, dá bhrí sin, is í an chalaois sin a fhágann gur féidir tabhairt faoi ghníomhaíochtaí coiriúla eile, amhail an sceimhlitheoireacht agus an gháinneáil ar dhrugaí agus ar dhaoine). Lena chois sin, cuireann sí bac ar an margadh aonair digiteach (baineann sí den mhuinín a bhíonn ag tomhaltóirí as agus is cúis í le caillteanas eacnamaíoch díreach). |
| **Cad é ba cheart a bhaint amach?** |
| Tá dhá chuspóir ghinearálta ann:<br>• **Feabhas a chur ar an tslándáil** trí bhaint den tarraingteacht atá sa chalaois íocaíochtaí neamhairgid mar fhoinse ioncaim do ghrúpaí coireachta eagraithe. Dhéanfaí sin, mar shampla, trí na gnóthachain a d'fhéadfaí a fháil a laghdú nó an baol atá ann do na grúpaí sin a mhéadú.<br>• **Tacú leis an margadh aonair digiteach** trí chur leis an muinín a bhíonn ag tomhaltóirí agus gnólachtaí as na próisis íocaíochta agus an caillteanas díreach a tharlaíonn de thoradh calaois íocaíochtaí neamhairgid a laghdú.<br><br>Tá trí chuspóir shonracha ann:<br>• A áirithiú go bhfuil beartas/creat dlíthiúil atá soiléir, daingean agus **neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de** i bhfeidhm.<br>• Deireadh a chur le **bacainní oibríochtúla** a chuireann bac ar imscrúdú agus ar ionchúiseamh.<br>• **Bearta coisctheacha** a fheabhsú. |
| **Cad é an breisluach atá le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais?** |
| Tá **gné an-tábhachtach thrasteorann** ag baint le calaois íocaíochtaí neamhairgid. Ní féidir leis na Ballstáit, dá bhrí sin, í a chomhrac as a stuaim féin ná i gcomhar le tíortha eile más ar shlí nach bhfuil comhordaithe a dhéantar sin.<br>Trí bheart a dhéanamh ar an leibhéal Eorpach, éascaítear, freisin, an comhar le tíortha nach bhfuil san Aontas Eorpach, rud atá tábhachtach mar go dtéann gné idirnáisiúnta na calaoise íocaíochtaí neamhairgid thar theorainneacha an Aontais go minic. |
| **B. Réitigh** |
| **Cad iad na roghanna lenar féidir na cuspóirí a bhaint amach? An bhfuil rogha thosaíochta ann nó nach bhfuil? Mura bhfuil, cén fáth?** |
| **Rogha A**: cur chun feidhme reachtaíocht an Aontais a fheabhsú agus féinrialáil a éascú ar mhaithe le comhar poiblí príobháideach.<br><br>**Rogha B:** creat reachtach nua a thabhairt isteach agus féinrialáil a éascú ar mhaithe le comhar poiblí príobháideach.<br><br>**Rogha C:** mar an gcéanna le Rogha B ach forálacha a bheith ann maidir le tuairisciú, seachas féinrialáil, a spreagadh ar mhaithe le comhar poiblí príobháideach, agus forálacha nua chun feasacht a mhúscailt.<br><br>**Rogha D:** mar an gcéanna le Rogha C ach forálacha breise maidir le dlínse a bheith ann mar chomhlánú ar an Ordú Imscrúdaithe Eorpach agus ar na rialacha maidir le hurghairí.<br><br>**Is í Rogha C an rogha thosaíochta** ar bhonn cáilíochtúil agus i bhfianaise na gcostas agus na sochar. |
| **Na páirtithe leasmhara éagsúla agus na bearta is rogha leo. Cé a thacaíonn leis na roghanna éagsúla?** |

Chuir na páirtithe leasmhara in iúl, i gcoitinne, go raibh siad in amhras faoi cé chomh hábhartha agus cé chomh héifeachtach agus atá an creat dlíthiúil atá i bhfeidhm faoi láthair, agus faoin mbreisluach a bhaineann leis (Cinneadh Réime 2001/413/CGB ón gComhairle maidir le calaois agus góchumadh modhanna íocaíochta neamhairgid a chomhrac).
Bhí na páirtithe leasmhara ar aon fhocal faoi, go háirithe, nach bhfuil na sainmhínithe a thugtar sa Chinneadh Réime cothrom le dáta (tharraing saineolaithe as údaráis bhreithiúnacha aird, go háirithe, ar na hairgeadraí fíorúla; tháinig a dtuairimí siúd go mór leis an dearcadh a léirigh daoine aonair agus páirtithe leasmhara sa chomhairliúchán poiblí oscailte) agus gur cheart na cionta nua, nach bhfuil luaite sa reachtaíocht, a chur san áireamh (leag saineolaithe as údaráis forfheidhmithe dlí agus údaráis bhreithiúnacha béim ar an gcás ina ndéantar dintiúir ghoidte a dhíol, a shealbhú agus a chur ar fáil; bhí na tuairimí céanna i gcoitinne sna haighneachtaí a fuarthas sa chomhairliúchán poiblí oscailte).
Thug páirtithe leasmhara le fios go bhfuil gá ann feabhas a chur ar an gcomhar idir na húdaráis náisiúnta agus idir na húdaráis phoiblí agus an earnáil phríobháideach. Thug páirtithe leasmhara as institiúidí airgeadais agus páirtithe príobháideacha eile (e.g. ceannaithe) le fios go raibh siad míshásta faoina laghad deimhneachta dlíthiúla atá ann, rud a chuireann isteach ar an gcaoi ar féidir leo faisnéis a roinnt, agus thug saineolaithe as údaráis forfheidhmithe dlí le fios go dtógann sé an oiread sin ama an fhaisnéis a fháil nach leor an t-am a bhíonn ann chun imscrúdú éifeachtach a dhéanamh ar an gcoir.

**C. Tionchair na rogha tosaíochta**

**Cad iad buntáistí na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad buntáistí na bpríomhroghanna)?**

Tá súil leis go réiteoidh an tionscnamh an bealach i dtreo beart forfheidhmithe dlí níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla i gcoinne na calaoise íocaíochta neamhairgid, trí na rialacha a chur i bhfeidhm ar shlí níos comhleanúnaí ar fud an Aontais, comhar trasteorann níos fearr a bheith ann mar aon le comhar poiblí príobháideach agus malartú faisnéise níos tréine.

Chothódh an tionscnamh muinín, freisin, as an margadh aonair digiteach, trí fheabhas a chur ar an tslándáil.

**Cad iad costais na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad costais na bpríomhroghanna)?**

- Meastar go bhfuil costas aonuaire atá isteach is amach le EUR 561 000 i gceist do na Ballstáit maidir le tionscnamh nua a leagan amach agus leis na costais a bhaineann le cur chun feidhme.
- Meastar go mbeidh na costais leanúnacha ar na Ballstáit maidir le cur chun feidhme agus forfheidhmiú cothrom le EUR 2 285 140 sa bhliain (costas iomlán ar na 28 mBallstát le chéile).

**Cén tionchar a imreofar ar FBManna agus ar an iomaíochas?**

Ós rud é nach bhfuil sé beartaithe leis an togra rialacha éigeantacha a thabhairt isteach maidir le tuairisciú, níor chóir go mbeadh aon impleachtaí aige maidir le costais bhreise ar ghnólachtaí, FBManna san áireamh. Na forálacha eile a chuirfí sa togra, ní bheadh aon impleachtaí acu do FBManna.

**An imreofar tionchar suntasach ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riaracháin náisiúnta?**

Ar an iomlán, tá súil leis go mbeidh an tionchar carnach ar na costais riaracháin agus airgeadais a bheadh ag na bearta atá beartaithe leis an togra seo níos airde ná na leibhéil atá ann faoi láthair, mar go gcuirfeadh líon na gcásanna a bheadh le himscrúdú brú ar na hacmhainní forfheidhmithe dlí sa réimse seo, agus bheadh gá cur leo. Is iad na príomhchúiseanna leis sin:

- go bhfuil gach dóchúlacht ann go dtiocfaidh ardú ar líon na gcásanna a mbeidh ar na húdaráis phóilíneachta agus bhreithiúnacha déileáil leo de thoradh sainmhíniú níos ginearálta ar na modhanna íocaíochta agus ar chionta breise (gníomhaíochtaí ullmhúcháin);
- go mbeadh gá le hacmhainní breise chun dlús a chur leis an gcomhar trasteorann;
- go gcruthófaí ualach riaracháin breise de bharr dualgas a bheith ar na Ballstáit staitisticí a bhailiú.

Mar sin féin, dá mbunófaí creat dlíthiúil soiléir a dhíreodh ar na rudaí sin a fhágann gur féidir dul i mbun calaois íocaíochtaí neamhairgid, thabharfaí deis gníomhaíochtaí a bhaineann le calaois a bhrath ag céim níos luaithe agus daoine a ionchúiseamh agus pionós a ghearradh ina leith. Thairis sin, cé go bhfuil costas acmhainní i gceist má chuirtear feabhas ar an gcomhar poiblí príobháideach, bheadh toradh ar an infheistíocht láithreach maidir le héifeachtacht agus éifeachtúlacht na mbeart forfheidhmithe dlí.

**An mbeidh aon tionchar suntasach eile i gceist?**

| |
|---|
| Ní bheidh aon tionchar suntasach ar an gcomhshaol ná aon tionchar ar líon iomlán na bpost ar leibhéal an Aontais Eorpaigh.<br>Tríd an gcomhleanúnachas leis na rialacha atá ann cheana (e.g. an Treoir um Sheirbhísí Íocaíochta[1]) a fheabhsú, chruthódh an tionscnamh sineirgíochtaí chun ionstraimí íocaíochta neamhairgid a chosaint. |
| **Comhréireacht?** |
| Leis an rogha thosaíochta, thabharfaí isteach líon íosta sainmhínithe ginearálta coiteanna, leibhéal íosta do na pionóis is déine agus cearta d'íospartaigh. D'fhágfadh sin go mbeadh méid áirithe rogha ag na Ballstáit maidir le déine na bpionós a shocrú. Ar an gcuma chéanna, bheadh cead ag na Ballstáit cearta níos fabhraí a bhronnadh ar íospartaigh calaoise íocaíochta neamhairgid.<br>Leis an rogha thosaíochta, ní fhorchuirfí oibleagáidí díréireacha ar an earnáil phríobháideach (FBManna san áireamh) ná ar shaoránaigh, mar nach bhforchuirtear oibleagáidí maidir le tuairisciú leis an rogha sin.<br>Ar deireadh, is treoir an ionstraim atá á roghnú, rud a thugann saoirse áirithe do na Ballstáit maidir lena cur chun feidhme.<br>Ní théann an rogha thosaíochta thar a bhfuil riachtanach chun an fhadhb bhunaidh a réiteach agus na cuspóirí a aithníodh maidir le hidirghabháil an Aontais a ghnóthú. |
| **D. Iarobair** |
| **Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?** |
| Ba cheart don Choimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar chur chun feidhme an togra le haghaidh calaois íocaíochtaí neamhairgid lena fhíorú ar gnóthaíodh na cuspóirí a aithníodh sa mheasúnú tionchair. Ba cheart go ndéanfaí an mheastóireacht sin sé bliana tar éis an lá is gá an gníomh reachtach a chur chun feidhme lena áirithiú go bhfuil tréimhse fada go leor ann chun éifeachtaí an tionscnaimh a mheas tar éis dó a bheith curtha chun feidhme ina iomláine sna Ballstáit go léir. |

[1] Treoir 2015/2366 an 25 Samhain 2015 maidir le seirbhísí íocaíochta sa mhargadh inmheánach, lena leasaítear Treoir 2002/65/CE, Treoir 2009/110/CE agus Treoir 2013/36/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, agus lena n-aisghairtear Treoir 2007/64/CE.